


NA HÉIFEACHTAÍ A BHÍONN AG AN GCAOI A DTAISTEALAÍMID CHUN NA SCOILE - TAISTEAL GNÍOMHACH VS SA CHARR



CÉN FÁTH GO BHFUIL TAISTEAL GNÍOMHACH TÁBHACHTACH?

Tá taisteal gníomhach chun na scoile tábhachtach do shláinte do chuid leanaí agus do shláinte an chomhshaoil. Tá níos lú leanaí ag úsáid bealaí gníomhacha chun taisteal chun na scoile, agus níos mó á dtiomáint ná riamh. Cruthaíonn níos mó carranna os comhair na scoile guais sábháilteachta do leanaí agus tá na hastaíochtaí a chruthaítear ó innill ghlu-aisteáin díobhálach do shláinte na leanaí. Miníonn an bróisiúr maidir le Slite Sábháilte chun na Scoile (SRTS):

- Cén fáth go bhfuil taisteal gníomhach tábhachtach
- Conas atá beartaithe ag SRTS tacú le taisteal gníomhach
- Na buntáistí don tsláinte a bhaineann le taisteal gníomhach chun na scoile



SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

Seoladh an Clár SRTS i mí an Mhárta 2021 agus bhí deis ag gach scoil in Éirinn iarratas a chur isteach ar uasghráduithe os comhair na scoile chun rochtain níos sábháilte a thabhairt do shiúlóirí, leanaí ar rothair agus gach duine a thagann chun na scoile. Is tionscnamh de chuid na Roinne Iompair é an clár agus tacaíonn an Roinn Oideachais leis. Oibríonn Clár na Scoileanna Glasa an clár seo i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus údaráis áitiúla. Oibríonn Oifigeach Bon-neagair tiomnaithe SRTS le scoileanna agus le húdaráis áitiúla le linn an phróisis.


- S:** @SRTS_Ire
- W:** www.greenschoolsireland.org/saferoutestoschool/
- E:** srts@eeu.antisce.org
- T:** +353 1 400 2222
- A:** EEU An Taisce Unit 5a
Swift's Alley, Francis Street
Dublin, D08TN88
Ireland

CÉN FÁTH GO BHFUIL TAISTEAL GNÍOMHACH TÁBHACHTACH?

D'fhéadfadh daoine a fhiafraí: "cén fáth go bhfuil sé chomh tábhachtach taisteal gníomhach chun na scoile a mhéadú?" Trí thaisteal gníomhach a chothú, tugtar deis do dhaltaí agus pobail taitneamh a bhaint as na buntáistí a bhaineann le cáilíocht aeir níos fearr, sláinte agus folláine fheabhsaithe, agus timpeallacht níos sábháilte timpeall na scoile. Cruthaíonn trácht feithiclí os comhair na scoile le linn amanna fágála agus bailithe guais sábháilteachta do leanaí scoile agus déanann sé díobháil do chaighdeán an aeir. Trí bhealaí níos sábháilte a fhorbairt, beidh an clár SRTS ag dul i ngleic leis na saincheisteanna éagsúla atá os comhair daltaí óga.

Má fhéachaimid ar threochtaí athraitheacha maidir leis an gcaoi a dtaistealaíonn daltaí chun na scoile, taispeánfaidh staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) go bhfuil rátaí taistil ghníomhaigh chun na scoile ag laghdú go gasta le 30 bliain anuas. Tá líon na ndaltaí a dhéanann taisteal gníomhach, cosúil le siúl agus rothaíocht, tar éis laghdú faoi leath, ó 49.5% de dhaltaí bunscoile in 1986 go dtí 25% in 2016. Níl mórán daltaí bunscoile ag siúl ná ag rothaíocht chun na scoile a thuilleadh, agus tá formhór na dturas chun na scoile á ndéanamh i gcarranna. Le linn na tréimhse sin, tháinig méadú 24% ar líon na leanaí á dtiomáint chun na scoile ó 1986 go dtí 59.8% in 2016, beagnach trí huaire an líon a bhí á dtiomáint ag an nglúin roimhe sin. Tá sé d'aidhm ag SRTS treochtaí an mheatha ar thaisteal gníomhach chun na scoile a aisiompú.

Daltaí Meanscoile



Daltaí Bunscoile

